CINNEADH (CBES) 2023/1095 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Meitheamh 2023

lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv *, EULEX KOSOVO

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Feabhra 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ([1]).

(2) An 3 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/904 ([2]), lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES agus lena gcuirtear síneadh le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) go dtí an 14 Meitheamh 2023.

(3) I gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh ar EULEX KOSOVO, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) gur cheart síneadh a chur le EULEX KOSOVO go dtí an 14 Meitheamh 2025. Chomhaontaigh CPS freisin, sa bhreis ar leanúint dá chúraimí a chur chun feidhme, gur cheart do EULEX KOSOVO cuidiú le húdaráis forfheidhmithe dlí na Cosaive a n-acmhainneachtaí a fhorbairt chun faisnéis a mhalartú le contrapháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta i réimse an chúnaimh dhlíthiúil agus an chomhair in ábhair choiriúla.

(4) Níor cheart a thuiscint go ndéanann aon ní sa Chinneadh seo dochar do neamhspleáchas agus d'uathriail na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí gníomhach in imeachtaí breithiúnacha i gcomhthéacs EULEX KOSOVO.

(5) Ós rud é go bhfuil saintréithe speisialta ag gníomhaíochtaí EULEX KOSOVO mar thaca leis na himeachtaí breithiúnacha a athlonnaíodh laistigh de Bhallstát, is iomchuí an méid a bheartaítear chun an tacaíocht do na himeachtaí breithiúnacha sin a athlonnaíodh a chumhdach a shainaithint agus foráil a dhéanamh maidir leis an gcuid sin den bhuiséad a chur chun feidhme trí bhíthin deontais.

(6) Ba cheart Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES a leasú dá réir sin.

(7) Cuirfear EULEX KOSOVO i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meathlú teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, an chéad mhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, le húdaráis bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí na mBallstát agus tríú Stáit chun a shainordú a fhorghníomhú agus cuidiú le húdaráis forfheidhmithe dlí na Cosaive chun a n-acmhainneachtaí a fhorbairt chun faisnéis a mhalartú le contrapháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta i réimse an chúnaimh dhlíthiúil agus an chomhair in ábhair choiriúla.';

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

([1]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008 maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, EULEX KOSOVO (IO L 42, 16.2.2008, lch. 92).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/904 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2021 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) (IO L 197, 4.6.2021, lch. 114).

(2) in Airteagal 16(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomíre deiridh:

'Is é EUR 165 310 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun caiteachas EULEX KOSOVO a chumhdach ón 15 Meitheamh 2023 go dtí an 14 Meitheamh 2025. As an méid sin, is é EUR 58 500 000 a bheidh sa mhéid a bheartaítear chun caiteachas EULEX KOSOVO a chumhdach lena shainordú a chur chun feidhme sa Chosaiv agus is é EUR 106 810 000 a bheidh sa mhéid a bheartaítear chun an tacaíocht do na himeachtaí breithiúnacha a athlonnaíodh laistigh de Bhallstát a chumhdach.

Síneoidh an Coimisiún comhaontú deontais le cláraitheoir a bheidh ag gníomhú thar ceann clárlainne a bheidh i gceannas ar riar na n-imeachtaí breithiúnacha athlonnaithe ar shuim EUR 106 810 000. Beidh feidhm ag na rialacha maidir le deontais dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir leis an gcomhaontú deontais.

Cinnfidh an Chomhairle an méid tagartha airgeadais don tréimhse ina dhiaidh sin do EULEX KOSOVO.';

(3) in Airteagal 20, an dara mír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Rachaidh sé in éag an 14 Meitheamh 2025.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Meitheamh 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL